

# BRIAN Ó FATHAIGH AN LOCHLANNACH.

Lochlannach a bhí ina chomhairleach ar oibreacha i Meireacá. Bhí m'ocal Colm ag obair faoi. Tháinig Éireannach as an mBéarna Dearg ag iarraidh oibre ar an Lochlannach lá. Brian Ó Fathaigh a bhí air. Nuair a chuala an Lochlannach an t-ainm an t-ainm baiste a bhí ar an bhfathach séard dubhairt sé leis. "I dont want to see you, Brian." Mara n-aithnigheann tú anois mé, aithneochaidh tú aríst mé," adeir mac Uí Fhathaigh. Tharraing sé air agus d'fhága sé sínte é. D'imthigh sé annsin agus chuaigh sé go Pittsburg ach ní raibh a fhios ag aonduine cé ndeachaidh sé.

Himthigheadh annsin ar a lorg agus rinne detective amach an áit a raibh sé ag cur faoi. Nuair a tháinig Brian ó na chuid oibre bhí sé istigh roimhe. Bheannuigh Brian dó. Nuair a bhí a bhéile caithte ag Brian thosuigheadar ag cainnt is ag comhrádh. Dubhairt sé le Brian gur b'é an chaoi a raibh sé ag tóraidheacht oibre go raibh sé cinnte air í a fhágail. Ghlaoidh Brian ar bhean an tighe. "Ná spáráil biadh ná deoch air seo" adeir sé, "nó go bhfágaidh sé obair agus feicfidh mise íochta thú." Thug Brian amach é agus thug sé deoch dó. San oidhche lárnabhárach rinne sé an rud céadna leis. An tríomhadh hoidhche chuadar amach sin é an uair a chuir an detective a lámh ina phóca.

Thug sé peictiúir aníos as a phóca. "An aithnigheann tú é sin?" adeir sé le Brian. "Aithnighim," adeir Brian. "Sé mo phictiúr féin é." "Imthigh leat anois," adeir sé, "i mbárach agus tabhair an taobh ó dheas ort féin. Chruthuigh tú i di dhuine uasal dom-sa agus béidh a shliocht ort, sábháilfidh mise thú." D'imthigh Brian ó dheas agus níor fachtas ó shoin é. Éireannach a bhí san gcuartóir.

20/5/30.